



An Bhruiséil, 13 Iúil 2018
(OR. en)

10585/18

**Comhad Idirinstitiúideach:
2017/0122(COD)**

**CODEC 1183
TRANS 290
SOC 451
PE 91**

NÓTA FAISNÉISE

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 i dtaca le riachtanais íosta maidir le huastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla agus, íos-sosanna tréimhsí scithe laethúla agus seachtainiúla agus Rialachán (CE) 165/2014 i dtaca le suíomh le tacagraif – Toradh imeachtaí Pharlaimint na hEorpa (Strasbourg, 2 go 5 Iúil 2018)

I. RÉAMHRÁ

Thíolaic an rapóirtéir, Wim VAN DE CAMP (PPE, NL) tuarascáil ina bhfuil 79 leasú (leasuithe 1-79) i ndáil leis an togra le haghaidh Treorach, thar ceann an Choiste um Iompar agus um Thurasóireacht.

Anuas air sin, thíolaic an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta 20 leasú (leasuithe 80-99). Thíolaic na grúpaí polaitiúla na leasuithe seo a leanas: Na Glasaigh/SCE 7 leasú (leasú 100 agus leasuithe 102-107), ENF 6 leasú (leasuithe 108-113). Thíolaic breis agus 38 FPE 6 leasú (leasú 101 agus leasuithe 114-118).

II. VÓTÁIL

Tráth ar caitheadh vóta ag an seisiún iomlánach ar an 4 Iúil, glacadh leasuithe 1-30, 33-41, 42/1,43-44, 45cp1/1, 45cp2-3, 46-79, 83-84, 86, 91, 96 agus 114 ar an togra le haghaidh Rialacháin. Mar sin féin, níor glacadh an dréachtghníomh reachtach, arna leasú¹.

Ar an ábhar gur theip ar an dréachtghníomh reachtach, arna leasú, tromlach na vótaí a fháil i bhfabhar an ghnímh, cuireadh an t-ábhar faoi bhráid an choiste an athuir, de bhun Rial. 59(4)(4) de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa, rud a d'fhág nár cuireadh clabhsúr ar chéad léamh Pharlaimint na hEorpa.

¹ 229 ar a shon, 422 ina choinne, 30 a staon.